Táille Ceadúnais

Úsáidtear ioncam ón Táille Ceadúnais chun gníomhaíochtaí seirbhísí poiblí RTÉ a mhaoiniú.

Fíricí maidir leis an Táille Ceadúnais

Ó mhí Dheireadh Fómhair 2006, €158 an Táille Ceadúnais Teilifíse bliantúil. Is é an Rialtas a shocraíonn an táille agus déantar athbhreithniú in aghaidh na bliana air.

Ní mór do gach líon tí, gnó nó institiúid ina bhfuil teilifíseán (de réir bhrí *Acht Raidió-Theileagrafaíochta 1972*) de réir dlí, Ceadúnas reatha a bheith ina seilbh. Mar sin, má tá an dara teach nó teach saoire agat ina bhfuil teilifíseán, ní mór duit Ceadúnas ar leithligh a bheith agat don seoladh sin.

Tá an Post freagrach as bunachar sonraí a choimeád ina bhfuil taifid ar gach áitreabh inar chóir Ceadúnas a bheith agus an bunachar sonraí sin a thabhairt cothrom le dáta go rialta chun áitribh nua a chur san áireamh. Téann cigirí ceadúnais teilifíse ar cuairt go rialta chuig tithe ar fud na tíre lena chinntiú go bhfuil Ceadúnas ina seilbh. Tugann cigirí ceadúnais cuairt go rialta ar thithe ar fud na tíre lena chinntiú go bhfuil ceadúnas ann do gach teilifís agus féadfar fíneáil de €635 a ghearradh i gcás an chéad chiona (€1,270 i gcás dara cion nó cion dá éis sin) mura dtaispeántar Ceadúnas.

Is féidir Ceadúnas a cheannach in aon Oifig Poist ar fud na tíre. Is féidir é a íoc trí dhochar díreach ar bhonn bliantúil, faoi dhó sa bhliain, ceithre huaire sa bhliain nó ar bhonn míosúil. Ligeann uimhir lo-call 1890 228 528 cead duit íocaíocht 24 uaire a dhéanamh trí Chárta Laser/trí Chárta Mastercard/ Visa. Nó, is féidir Stampaí Ceadúnais a cheannach ag aon Oifig Poist agus iad a úsáid mar íocaíocht iomlán nó íocaíocht i bpáirt de Cheadúnas. Féach ar www.anpost.ie/AnPost/MainContent/Personal+Customers chun tuilleadh eolais a fháil.

Má bhíonn tú ag fáil íocaíochtaí Leasa Shóisialaigh, d'fhéadfadh tú a bheith i dteideal Ceadúnas saor in aisce. Chun tuilleadh eolais a fháil, féach ar láithreán gréasáin na Roinne Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh ag www.welfare.ie/publications/sw107.html#7

RTÉ agus an Táille Ceadúnais

Úsáidtear ioncam ón Táille Ceadúnais chun gníomhaíochtaí seirbhísí poiblí RTÉ a mhaoiniú. Tá an costas a bhaineann leis na seirbhísí sin a sholáthar i bhfad níos airde áfach ná an méid maoinithe poiblí a fhaightear i bhfoirm ioncaim ó tháille ceadúnais agus is mar gheall air sin a théann RTÉ i mbun go leor gníomhaíochtaí tráchtála ollmhóra. I láthair na huaire, faightear thart ar 50% d'ioncam RTÉ ó Tháille Ceadúnais agus thart ar 50% ó ioncam tráchtála. Faigheann cuid de ghníomhaíochtaí RTÉ maoiniú poiblí iomlán, faigheann roinnt maoiniú poiblí teoranta agus ní fhaigheann roinnt eile aon mhaoiniú poiblí.

Conas a chaitear an Táille Ceadúnais?

In 2006, scaipeadh ioncam ón Táille Ceadúnais feadh seirbhísí RTÉ mar a léirítear sa chairt seo.



44% RTÉ One
25% RTÉ Two
8% RTÉ Radio 1
8% Grúpaí Oirfide RTÉ
6% RTÉ RnaG
5% Tacaíocht do TG4
4% RTÉ lyric fm

NÓTA: Ní bhfuair RTÉ 2fm ná RTÉ Foilsitheoireacht (RTÉ Aertel, rte.ie, RTÉ Guide) aon mhaoiniú poiblí.

Foinse: RTÉ Annual Report 2006